Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le deontais ar leith a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.978 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, faoi mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach i gCiorclán 27 de 2019, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, leis an eisceacht seo a leanas.

***Stoic agus sócmhainní caipitil***

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líon na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtúlacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 leithdháilte ar bhonn an líon foirne sna ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitil idir an An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus An Roinn Airgeadais, leithdháiltear úsáid na sócmhainní caipitil ar bhonn líon na foirne freisin. Suas go dtí 31 Nollaig 2010, bhí na sócmhainní caipitil go léir taifeadta ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní bhíonnsuíomh an aonaid ghnó á thaifeadadh sa chlár sócmhainní atá ag baint úsáide as an tsócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd atá ag aistriú go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nuair a bunaíodh í sa bhliain 2011. Go ginearálta, taifeadtar na sócmhainní trealaimh TF ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe anois, agus déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealaimh oifige a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Airgeadais. D'ainneoin aon rud dá bhfuil thuasluaite, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag amanna áirithe ó bunaíodh í sócmhainní áirithe le haghaidh a húsáide eisiaiche agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo sin.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhisí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí AD agus seirbhísí roinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialacha chuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá Ráiteas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do na príomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhmchun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. Tuairiscíodh socrú soláthair amháin faoi Chiorclán 40/2002. Bhí luach iomlán €54,853 air a bhaineann leis an gceanglas a bhí ar an Roinn cuideachta ionad sonraí a úsáid le nascacht a chinntiú idir comhlachtaí poiblí laistigh dá timpeallacht shlán.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistithe a thógtar le tabhairt fúthu agus, don mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhma aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad sin aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus tugann sé freagracht as feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, i gcásanna ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí san rialú airgeadais inmheánaigh bainteach le 2019, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

16 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta10 an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

2 Meán Fómhair 2020

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Caiteachas poiblí agus polasaí earnálach | 18,744 | 18,640 | 16,513 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 42,712 | 40,905 | 41,100 |
| **Ollchaiteachas** | | **61,456** | **59,545** | **57,613** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,463** | **2,676** | **4,036** |
| **Glanchaiteachas** | | **58,993** | **56,869** | **53,577** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid ar bith de na leithreasaí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €146,000 de leithdháiltí nár caitheadh i leith fho-cheannteideal B10 ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 2,124,445 | 3,338,062 |
| Géilleadh iarchurtha | (146,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,978,445** | **3,338,062** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
16 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 28,585 | 29,251 |
| Pá | | 27,460 | 25,452 |
| Neamhphá | | 3,500 | 2,910 |
| **Ollchaiteachas** | | **59,545** | **57,613** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,676** | **4,036** |
| **Glanchaiteachas** | | **56,869** | **53,577** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (2,713) | | |
| Dímheas | 3,328 | 615 | (2,572) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (897) | | |
| Méadú ar stoc deiridh | (2) | (899) | (648) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **56,585** | **50,357** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,332 | 5,294 |
| Measchíosanna | | 2,449 | 2,365 |
| **Glanchostas an chláir** | | **64,366** | **58,016** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 11 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Airgeadas | 815 | 815 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 375 | 362 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,653 | 3,134 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,157 | 2,229 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 42 | 41 |
| Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (1,710) | (1,287) |
| | | **5,332** | **5,294** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 9,683 | 10,298 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,009 | 1,839 |
| Stoic | 2.3 | 23 | 21 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 316 | 361 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,659 | 3,142 |
| Ioncam Fabhraithe | 2.5 | 369 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **5,376** | **5,363** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 308 | 319 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,339 | 1,264 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite | 2.7 | (14) | 936 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,633** | **2,519** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,743 | 2,844 |
| **Glansócmhainní** | | **13,426** | **13,142** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.8 | **13,426** | **13,142** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní Caipitil faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 22,256 | 120 | 2 | 1,205 | 23,583 |
| Breiseanna | 2,437 | 21 | — | 255 | 2,713 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 24,693 | 141 | 2 | 1,460 | 26,296 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 13,238 | 45 | 2 | — | 13,285 |
| Dímheas don bhliain | 3,312 | 16 | — | — | 3,328 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2019 | 16,550 | 61 | 2 | — | 16,613 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **8,143** | **80** | **—** | **1,460** | **9,683** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 9,018 | 75 | — | 1,205 | 10,298 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | 1,009 | 1,839 |
| | **1,009** | **1,839** |

D’aistrigh gach cuntas PMG go banc tráchtála *Danske Banc* ar 1ú Deireadh Fómhair 2018.

Dhún an Roinn a cuntais mhionairgid in 2019.

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 13 | 10 |
| Ábhair inchaite TF | 10 | 11 |
| | **23** | **21** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 32 | 16 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 3 | 9 |
| Scéim pasanna taistil in-fhorchúitithe | 174 | 178 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 107 | 158 |
| | **316** | **361** |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas Pinsin Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta | 333 | — |
| *ASC* an Fhorais Riaracháin | 36 | — |
| **Ioncam Fabhraithe Iomlán** | **369** | **—** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 491 | 477 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 227 | 212 |
| Cáin Shiarchoinneála na seirbhísí gairmiúla | 148 | 247 |
| Cáin Bhreisluacha | 250 | 156 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 89 | 2 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 3 | 4 |
| | 1,208 | 1,098 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 107 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 24 | 166 |
| | **1,339** | **1,264** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste dlite

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,978 | 3,338 |
| Géilleadh iarchurtha | 146 | — |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (2,138) | (2,402) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite** | **(14)** | **936** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,009 | 1,839 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 316 | 361 |
| | 1,325 | 2,200 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,208) | (1,098) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (131) | (166) |
| | (1,339) | (1,264) |
| | **(14)** | **936** |

## 2.8 Cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 13,142 | 10,318 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 58,993 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (146) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,978) | | |
| Glanvóta | | | 56,869 | 53,577 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | | | 5,332 | 5,294 |
| Míreanna neamhairgid – coigeartuithe maidir le sócmhainní caipitil | | | — | (396) |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | | | 2,449 | 2,365 |
| Glanchostas an chláir | | | (64,366) | (58,016) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **13,426** | **13,142** |

## 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 643 | 599 |
| Tionscadail chaipitil | 107 | 454 |
| **Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil** | **750** | **1,053** |

## 2.10 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastacháin faoi dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | 6 | 9 |

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 28,043 | 27,460 | 25,452 |
| ii | Taisteal agus cothú | 360 | 320 | 287 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 997 | 1,161 | 1,162 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 295 | 214 | 198 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,612 | 1,446 | 994 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 405 | 355 | 269 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 30 | 4 | — |
| | | **31,742** | **30,960** | **28,362** |

## Clár A Caiteachas Poiblí agus Polasaí Earnálach

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 9,412 | 9,648 | 8,552 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,030 | 981 | 443 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - speansais riaracháin agus ghinearálta | 2,775 | 2,775 | 2,775 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,116 | 1,104 | 1,177 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 650 | 638 |
| A.6 | Clár *PEACE*/ *INTERREG* Thuaisceart Éireann | 1,175 | 1,339 | 833 |
| A.7 | Comhlacht na gClár Speisialta AE | 1,125 | 961 | 1,030 |
| A.8 | *INTERREG* na hÉireann/na Breataine Bige agus *INTERREG* Trasnáisiúnta | 220 | 79 | 131 |
| A.9 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 396 | 277 | 23 |
| A.10 | Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 500 | 542 | 755 |
| A.11 | Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann | 345 | 284 | 156 |
| | | **18,744** | **18,640** | **16,513** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €104,000 ní b'ísle ná mar a soláthraíodh.

**A.6 Clár *PEACE/INTERREG* Thuaisceart Éireann**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.175 milliún, toradh: €1.339 milliún*

Ba é uainiú chláir *PEACE* agus *INTERREG* a riar Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) ba chúis leis an mbarrachas caiteachais €164,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**A.7 Comhlacht na gClár Speisialta AE**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.125 milliún, toradh: €961,000*

Ba é uainiú ghníomhaíochtaí CCSAE maidir le caiteachas chlár 2014-2020 a chistigh caiteachas Chlár *PEACE* CCSAE i bhfotheideal A.6 ba chúis leis an gcoigilt ar chaiteachas €164,000 a bhaineann leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**A.8** ***INTERREG* na hÉireann/na Breataine Bige agus Trasnáisiúnta**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €220,000, toradh: €79,000*

Ba é uainiú íocaíochtaí maidir le ranníocaíochtaí do chlár 2014-2020 agus íocaíochtaí eile ba chúis leis an easnamh ar chaiteachas €141,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**A.9 Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €396,000, toradh: €277,000*

Ba é uainiú athbhreithnithe ar Scéimeanna Tionchair Comhshaoil Faoisimh Tuile OOP a bhí le deimhniú ag an Aire ba chúis leis an gcoigilt ar chaiteachais €119,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

## Clár B Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 18,631 | 17,812 | 16,899 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 2,669 | 2,519 | 2,467 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,725 | 2,725 |
| B.4 | Nós imeachta eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 40 | 32 | 40 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 582 | 367 | 302 |
| B.6 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 12,230 | 12,445 | 13,433 |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | 1,600 | 1,314 | 1,599 |
| B.8 | Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | 1,461 | 1,376 | 1,347 |
| B.9 | An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí | 360 | 226 | 307 |
| B.10 | Clár foghlama agus forbartha don státseirbhíse | 954 | 675 | 1,395 |
| B.11 | Tionscadal riaracháin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair | 290 | 244 | 366 |
| B.12 | Cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta | 220 | 220 | 220 |
| B.13 | Tionscadal Sonraí na hEarnála Neamhbhrabúis | 950 | 950 | — |
| | | **42,712** | **40,905** | **41,100** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €1.807 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíod. €969,000 an cion iomlán a sábháladh i gcaiteachas riaracháin. Na nithe seo a leanas a bhí mar chúis ar an iarmhéid sa dhifríocht don chuid is mó.

**B.5 Sainchomhairleoireacht agus Seirbhísí Eile**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €582,000, toradh: €367,000*

Ba iad costais a bhí ní b'ísle ná mar a raibh súil leis a bhain le cás cúirte inar tugadh an próiseas dlíthiúil chun críche in 2019, chomh maith le caiteachas ar shainchomhairleoireacht maidir le beartas Seirbhíse Poiblí a bheith á chur siar ba phríomhchúis leis an gcoigilt ar chaiteachas €215,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán. Baineadh roinnt coigiltí ní ba lú amach, chomh maith, i measc na n-aonad gnó i gClár B.

**B.7 Clár Athchóirithe**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1.6 milliún, toradh: €1.314 milliún*

Ba é meascán de choigiltí níos lú i measc roinnt limistéir bheartais agus chláir, go háirithe i soláthar acmhainní, beartas agus acmhainneacht Acmhainní Daonna sa Státseirbhís ba chúis leis an gcoigilt ar chaiteachas €286,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

**B.9 An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €360,000, toradh: €226,000*

B'éard ba chúis leis an gcoigilt ar chaiteachas €134,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná gur chuir an Coimisiún a obair i gcrích i lár na bliana.

**B.10 Clár foghlama agus forbartha na Státseirbhíse**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €954,000, toradh: €675,000*

B'éard ba chúis leis an gcoigilt ar chaiteachas €279,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán ná gur cuireadh an t-ardán TF, a theastaíonn ó sheirbhís foghlama agus forbartha na Státseirbhíse, i gcrích ní ba dhéanaí ná mar a raibh súil leis. Cuireadh an obair ar an ardán TF i gcrích in 2019 agus bhí an íocaíocht choinneála deiridh le híoc in 2020. Tugadh €146,000 de chaipiteal 2019 anonn isteach sa bhliain 2020 chun an íocaíocht deiridh a mhaoiniú.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cláir an AE | 729 | 667 | 1,924 |
| 2 | Farasbairr um shreabhadh airgid na bpinsean | 56 | 85 | 58 |
| 3 | Ilghnéitheach | 65 | 120 | 81 |
| 4 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 1,613 | 1,804 | 1,973 |
| | **Iomlán** | **2,463** | **2,676** | **4,036** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhain le pinsin. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó 1 Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €213,000 níos mó ná an meastachán bunaidh.

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

**4. Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin: €1.613 milliún, toradh €1.804 milliún*

Bhí an méadú dar luach €191,000 mar thoradh ar, don chuid is mó, íocaíochtaí deonachán fostaí agus fostóra ó Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta maidir le roinnt ceisteanna pinsin a réiteach a cuireadh siar.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | 8 |
| Tuarastal na nAirí a géilleadh ar bhonn saorálach | 19 | 4 |
| Aisíocaíocht dámhachtana Sonraí Oscailte | — | 3 |
| Aisíocaíocht *Interact* III an Aontais Eorpaigh | — | 5 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (19) | (20) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimsire | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 430 | 431 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 26,947 | 26,129 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 275 | 262 |
| Liúntais eile | 53 | 145 |
| Ragobair | 80 | 51 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,039 | 1,785 |
| **Pá iomlán[a]** | **29,394** | **28,372** |

Nota [a] Tá pá san áireamh san fhigiúr pá iomlán i bhfotheidil A.1, A.4, B.1 agus B.8.

Ní dhéanann an Roinn maoiniú díreach ar chostais aon cheann de na forais atá faoina choimirce. Déanann Oibreoir an Chrannchuir Náisiúnta maoiniú ar Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta. Ní dhéanann an Roinn maoiniú díreach ar chostais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an Fhorais Riaracháin, nó Chomhlacht na gClár Speisialta AE.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 40 | 8 | 34,389 | 20,806 |
| Liúntais eile | 9 | — | 8,984 | 8,866 |
| Ragobair | 48 | 1 | 11,350 | 8,931 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 5 | 28,469 | 18,860 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €159,582 (2018: €7,969) maidir le triúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2019 uile nó cuid de agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Faoi théarmaí an chomhaontaithe athstruchtúraithe den Chlár 1% Iomaíochais agus Oibre (*PCW*) de chuid *AHCPS*, fuair 42 oifigeach (2018: 40) €106,218 san iomlán (2018: € 90,482) i leith liúntas *PCW* / sinsearachta.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

ag 31 Nollaig

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 24 | 49,043 | 49,978 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 8 | 12,487 | 26,806 |

Aistríodh cúigear a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €7,461 chuig ranna eile sa bhliain.

## 5.6 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

I rith 2019, íocadh scaoilíocaíocht €44,259 le ball foirne amháin ar cuireadh deireadh lena fhostú.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú an AE

Cuimsíonn an táirgeacht a thaispeántar i gceannteidil A.4, A.5 agus A.6 na híocaíochtaí seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ag an AE.

| Teideal | Cur Síos | 2019 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 860 | 857 | 927 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 650 | 650 | 638 |
| A.6 | Clár Síochána/ *INTERREG* Thuaisceart Éireann | 1,175 | 1,339 | 833 |
| | | **2,685** | **2,846** | **2,398** |

## 6.2 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain cheaptha | €000 | 2019 €000 | 2018 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiún buan** | | | | |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse [a] | 1950/51 | | 32 | 23 |
| **Coimisiún le cuspóir seasta** | **Bliain cheapacháin** | **Caiteachas carnach go dtí deireadh 2019** | | |
| An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí [b] | 2017 | 700 | 226 | 307 |
| | | **700** | **258** | **330** |

Nóta [a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a dhaingniú idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, ionas gur fearr a chomhlíonfar gnó poiblí.

[b] Bunaíodh Coimisiún Pá na Seirbhíse Poiblí chun nithe a bhaineann le luach saothair sa tseirbhís phoiblí a bhreithniú agus chun tuairisc a thabhairt don Rialtas.

## 6.3 Dliteanais Theagmhasacha

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, trí mhír 3(A) den Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 a leasú, ceadaítear do dhaoine a coinníodh ina mbrá go haindleathach mar thoradh ar earráid breithiúnacha cás a thabhairt in éadan an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun cúiteamh a lorg.

Rinneadh cás amháin a shocrú ar luach €10,000 faoi Mhír 54 den Acht 2014. €14,000 a bhí sna costais iomlána sa chás sin. Íocadh an méid sin go luath in 2020.

Ag deireadh na bliana, bhí dhá chás ghníomhacha á mbainistiú ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit thar ceann an Aire.

## 6.4 Cúiteamh agus costais dlí

Fuair an Roinn breithiúnas deiridh ina fabhar maidir le cás dlí agus bronnadh costais go páirteach i bhfabhar na Roinne. Bhí an Roinn faoi dhliteanas, áfach, chun roinnt costas a íoc agus ba é an tsuim a cinneadh i ndiaidh d’Oifig an Mháistir Fómhais tabhairt faoin bpróiseas measúnaithe agus tomhais ar chostais dlí €170,000.

## Nóta 7 An Ciste Teagmhais

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **1,200** | **1,200** |

Nóta

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus dá bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, m.sh. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú gach cúig bliana ar mhéid an Chiste. I ndiaidh athbhreithnithe in 2020, rinneadh an cinneadh gur cheart don Chiste a leibhéal reatha a choimeád.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchoirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh Márta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais

| Comhlacht/ ciste na roinne | Tréimhse Chuntas-aíochta Dheiridh | Dáta na tuairisce iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 2018 | An 10 Iúil 19 | An 29 Iúil 19 | An 27 Lúnasa 19 |
| An Foras Riaracháin | 2018 | An 20 Meán Fómhair 19 | An 13 Deireadh Fómhair 19 | An 27 Samhain 19 |
| An Ciste Oideachais Éireann-Stát Aontaithe | 2018 | An 16 Nollaig 19 | An 16 Nollaig 19 | An 17 Nollaig 19 |
| Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta | 2018 | An 18 Meitheamh 19 | An 18 Iúil 19 | An 27 Samhain 19 |
| Comhlacht na gClár Speisialta AE | 2018 | An 28 Meitheamh 19 | An 13 Meán Fómhair 19 | An 4 Nollaig 19 |
| Maoin Stát Cuntas Taisce Ilchineálach | 2018 | An 16 Nollaig 19 | An 16 Nollaig 19 | An 17 Nollaig 19 |
| Ciste cosanta taistealaithe | 2018 | An 17 Meitheamh 19 | An 21 Meitheamh 19 | An 9 Iúil 19 |